
# Marc Ó Sé




Eochairfhocail: deartháireacha, an Ríocht, caid, láimhseáil, aisling, seoladh, dírbheathaisnéis

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cé mhéad sraith atá buaite ag Marc Ó Sé?
2. Cathain a bronnadh gradam imreoir na bliana ar Mharc Ó Sé?
3. Cén áit a raibh seoladh an leabhair ar siúl?
4. An bhfuil aon deartháireacha ag Marc Ó Sé?
5. Cérbh é an bua ba mhó a bhí ag Marc Ó Sé agus é ina leaid óg, dar le Liam Ó Rocháin?
6. Ainmnigh na réaltaí spóirt a bhí ar an bpainéal cainte don seoladh.
7. Luaigh Séan Kelly go bhfuil comórtas buaite ag foireann na Gaeltachta i mbliana. Cérbh é an comórtas a luaigh sé?
8. Cérbh í an aisling a bhí ag Marc Ó Sé agus é ag fás aníos?
9. Cén chomhairle a chuir Marc Ó Sé ar dhaoine óga ag deireadh na míre?
10. Déan taighde ar líne agus breac síos cúig fhíric mar gheall ar shaol peile Mharc Uí Shé.

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta agus Labhartha




Féach ar an bhfíseán arís. Anois, ag obair leis an duine in aice leat, léigí na cúig ghiota thíos agus pléigí lena chéile cé acu an bhfuil na cúig ghiota fíor nó bréagach bunaithe ar fhianaise an fhíseáin.

1. Seoladh leabhar nua ó dhuine de laochra peile na Ríochta i dTrá Lí an tseachtain seo. Iarimreoir de chuid Chiarraí ab ea Marc Ó Sé agus bhuaigh sé cúig Chraobh Uile Éireann le linn a ré imeartha leis an Ríocht

2. Tharla ócáid iontach in óstán i gCill Áirne aréir. Seoladh dírbheathaisnéise duine de réaltaí spóirt Chiarraí a bhí ann. D'imir Mick Galwey peil do Chiarraí agus d'imir sé rugbaí ar son na hÉireann chomh maith. Bhí an-chuid daoine i láthair chun saol spóirt Mick Galwey a cheiliúradh


3. Duine de shárpheileadóirí Chiarraí ab ea Tomás Ó Sé. Bhuaigh sé an-chuid gradam le linn dó a bheith ag imirt le Ciarraí. Seoladh leabhar Thomáis i dTigh Uí Mhathúna an tseachtain seo. Bhí slua mór i láthair, ina measc deartháireacha Thomáis, Marc, Darragh agus Fergal.

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta agus Labhartha




4. Teaghlach cáiliúil peile is ea Muintir Uí Shé ó Ard an Bhóthair i gCorca Dhuibhne. Is é Marc an duine is óige sa teaghlach. D'imir sé le Ciarraí ar feadh na mblianta. Seoladh leabhar faoi Mharc agus a theaghlach an tseachtain seo in óstán i gCiarraí

5. Duine de cheathrar deartháireacha is ea Marc Ó Sé. Is é Marc an duine is óige. D'imir Marc in éineacht lena dheartháireacha Tomás agus Darragh le foireann peile na Ríochta ar feadh blianta fada. Ba í an aisling a bhí ag Marc agus é ina leaid óg ná a bheith ag imirt le Ciarraí. D'éirigh leis an aisling sin a fhíoradh agus tá leabhar díreach scríofa aige faoin aistear sin.



# Gníomhaíocht Scríbhneoireachta



Seoladh dírbheathaisnéis Mharc Uí Shé an tseachtain seo. Samhlaigh anois go bhfuil dírbheathaisnéis á scríobh agat féin. Scríobh an chéad leathanach den dírbheathaisnéis sin. Is leor 200 focal a scríobh don leathanach sin. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.

| | |
|---|---|
| rugadh agus tógadh mé ... | is as ........ mé |
| ceantar tuaithe/uirbeach atá ann | tá ............ i mo theaghlach, mé féin san áireamh |
| bhí spéis agam riamh anall sa ... | d'fhreastail mé ar .... |
| bhí tógáil iontach agam | d'oibrigh mo thuisimitheoirí go dian ...... |
| bhí mé an-mhór le mo ...... | ag fás aníos |
| óige aoibhinn a bhí agam | Is cuimhin liom go maith .... |
| ghlac mé ballraíocht i ....... | Músclaíodh spéis sa ........ ionam ag aois an-óg |
| bhínn ag cleachtadh gach lá | chónaigh mo chuid gaolta ..... |

# Freagraí

1. Trí cinn
2. 2007
3. Óstán an Meadowlands/Tigh Uí Mhathúna i dTrá Lí
4. Tá
5. An chaid a láimhseáil
6. Colm Cooper, Tomás Ó Sé agus Mick Galwey
7. Craobh Idirmheánach Chiarraí
8. A bheith ag imirt le Ciarraí
9. Má chreideann tú san aisling b'fhéidir go dtarlóidh sé

